Éire

Stóráil agus taighd na huachta

→ Cád iad foirmeacha na n-uachtanna a úsáidtear in Éirinn?

Glactar le foirm singil den uacht, le **huacht roimh finnéithe,** agus é scríofa amach agus sínithe ag an tiomnóir i láthair beirt fhinnéithe. Mar an gcéanna is féidir leis an tiomnóir a mharc a chur ag bun na huachta in ionad é a shíniú.

→ An bhfuil aon chlár uachta ar fáil in Éirinn ?

Níl, níl aon chlár uachta ar fáil in Éirinn.

→ Conas a stóráiltear an uacht ?

Cuireann an tiomnóir an uacht i dtaisce pé áit inar mhian leis é (sa bhaile, in oifig an dlíodóra, sa bhanc, agus araile.).

→ Conas is féidir le duine teacht ar uacht gharghaolta ?

De cheal cláir, comhairlítear don tiomnóir é a chur in iúl do dhuine atá iontaofa go bhfuil uacht ar fáil agus ní foláir dó an áit ina bhfuil sí i dtaisce a chur in iúl dó comh maith.

Ina éagmais sin, ní foláir dos na hoidhrí cuardach a dhéanamh i mbaile an duine éagtha, in oifig an dlíodóra, sa bhanc, agus araile.

******

Tábhachtach

Is foinse eolais ghinearálta iad na ceisteanna agus na freagraí seo, ar an lá agus ar an dáta seo 19 Márta 2010. I gcás ceist ar leith, téitear i gcomhairle le dlíodóir.